**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0379/2023**

30.11.2023

# TUARASCÁIL

ar an mBanc Hidrigine Eorpach
(2023/2123(INI))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Robert Hajšel

PR_INI

CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................................17

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR...........................................................................................................20

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID ...................................................................................22

IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR...........................................................................................................25

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........26

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.........................................................................................................................27

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................28

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........29

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach**
**(2023/2123(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 194 de,

– ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do theachtaireacht an 16 Márta 2023 ón gCoimisiun maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach (COM(2023)0156),

– ag féachaint do theachtaireacht an 1 Feabhra 2023 ón gCoimisiún dar teideal *A Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* [Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach] (COM(2023)0062),

– ag féachaint do theachtaireacht an 18 Bealtaine 2022 ón gCoimisiún dar teideal ‘ Plean REPowerEU’ (COM(2022)0230),

– ag féachaint do theachtaireacht an 8 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal *‘A hydrogen strategy for a climate-neutral Europe’* [Straitéis hidrigine d’Eoraip aeráidneodrach] (COM(2020)0301),

– ag féachaint do theachtaireacht an 8 Iúil 2020 ón gCoimisiún dar teideal ‘*Powering a climate-neutral economy: An EU Strategy for Energy System Integration*’ [Geilleagar aeráidneodrach a chumhachtú: Straitéis Eorpach um Lánpháirtiú Córas Fuinnimh] (COM(2020)0299),

– ag féachaint do theachtaireacht an 10 Márta 2020 ón gCoimisiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] (COM(2020)0102),

– ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiun maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do thogra an 20 Meitheamh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (COM(2023)0337),

– ag féachaint do thogra an 20 Meitheamh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE)

2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (COM(2023)0335),

– ag féachaint do thogra an 16 Márta 2023 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (An Gníomh um Amhábhair Chriticiúla) (COM(2023)0160),

– ag féachaint do thogra an 16 Márta 2023 ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023)0161),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas[1], a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE[2], a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi faoi láthair,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn[3] (An Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE[4],

– ag féachaint do Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE[5], a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi faoi láthair,

– ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005[6], a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair,

– ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón

[1] IO L 158, 14.6.2019, lch. 54.
[2] IO L 158, 14.6.2019, lch. 125.
[3] IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.
[4] IO L 234, 22.9.2023, lch. 1.
[5] IO L 211, 14.8.2009, lch. 94.
[6] IO L 211, 14.8.2009, lch. 36.

gComhairle[7],

– ag féachaint do Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce[8], a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh uirthi faoi láthair,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí thagarmharcanna praghais iontaofa agus trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha[9],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014[10],

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2[11],

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2023/1184 an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (C(2023)1087)[12],

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2023/1185 an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte[13],

– ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht[14],

– ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi ar Straitéis Eorpach i ndáil le Hidrigin[15],

– ag féachaint do rún an 19 Bealtaine 2021 uaithi ar straitéis Eorpach maidir le

[7] IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.
[8] IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.
[9] IO L 335, 29.12.2022, lch. 1.
[10] IO L 427, 30.11.2021, lch. 17.
[11] IO L 169, 7.6.2014, lch. 108.
[12] IO L 157, 20.6.2023, lch. 11.
[13] IO L 157, 20.6.2023, lch. 20.
[14] IO L 140, 28.5.2019, lch. 6.
[15] IO C 15, 12.1.2022, lch. 56.

comhtháthú córas fuinnimh[16],

– ag féachaint do rún an 10 Iúil 2020 uaithi maidir le cur chuige cuimsitheach Eorpach i dtaca le stóráil fuinnimh de[17],

– ag féachaint do rún an 15 Eanáir 2020 uaithi maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[18],

– ag féachaint do rún an 14 Márta 2019 uaithi maidir leis an athrú aeráide – Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de i gcomhréir le Comhaontú Pháras[19],

– ag féachaint do rún an 25 Deireadh Fómhair 2018 uaithi maidir le 'hImscaradh bonneagair i gcomhair breoslaí malartacha san Aontas Eorpach: tá sé in am gníomhú!'[20],

– ag féachaint do rún an 6 Feabhra 2018 uaithi maidir le dlús a chur le nuálaíocht an fhuinnimh ghlain[21],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine[22],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 30 Samhain 2023 maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur páirtí é an tAontas i gComhaontú Pháras agus go bhfuil gealltanas tugtha aige astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

B. de bhrí gur féidir hidrigin a úsáid mar bhunábhar, mar bhreosla nó mar iompróir fuinnimh agus go bhfuil acmhainneacht shuntasach dícharbónaithe ag baint léi i gcás tionscail ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú agus i gcás iompar trom, mar nach bhfuil sé indéanta go teicneolaíoch nó iomaíoch é a leictriú go díreach;

C. de bhrí gur féidir hidrigin a úsáid freisin mar rogha dheiridh stórála fuinnimh chun an córas fuinnimh a chothromú, rud a chuirfidh le comhtháthú an chórais fuinnimh;

---

[16] IO C 15, 12.1.2022, lch. 45.
[17] IO C 371, 15.9.2021, lch. 58.
[18] IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
[19] IO L 23, 21.1.2021, lch. 116.
[20] IO C 345, 16.10.2020, lch. 80.
[21] IO C 463, 21.12.2018, lch. 10.
[22] IO C 293, 18.08.2023, lch. 127.

D. de bhrí gur gás ceaptha teasa indíreach í hidrigin freisin agus go bhfuiltear ag éirí níos eolasaí faoina tionchair aeráide, ar cheart díriú go cuí orthu le bearta faireacháin, coiscthe agus maolúcháin i ndlúthchomhar leis an tionsclaíocht;

E. de bhrí go bhfuil cuspóir leagtha síos i Straitéis AE maidir le Hidrigin i ndáil le 40 GW ar a laghad de leictrealóirí hidrigine in-athnuaite a shuiteáil agus 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh san Aontas faoi 2030 agus gur moladh i bplean REPowerEU an cuspóir sin a chomhlánú tríd an méid céanna hidrigine in-athnuaite a allmhairiú;

F. de bhrí go meastar go mbeidh infheistíocht iomlán EUR 335-471 bhilliún ag teastáil chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, agus infheistíocht bhreise EUR 500 billiún ag teastáil chun allmhairiú an mhéid hidrigine inathnuaite bheartaithe a dhaingniú;

G. de bhrí go ndearna an tionscal monaraíochta leictrealóra san Eoraip suiteáil acmhainneacht mhonaraíochta 25 GW ar a laghad faoi 2025 a leagan amach mar chuspóir, arb ionann í agus thart ar 120 GW d’acmhainneacht shuiteáilte san Eoraip;

H. de bhrí gur tháinig laghdú 60 % ar chostas leictrealóirí cheana féin le 10 mbliana anuas agus go bhfuiltear ag dréim le laghdú 50 % eile ar an gcostas in 2030, i dtuairim an Choimisiúin, de bharr barainneachtaí scála;

I. de bhrí go mbíonn comhpháirteanna atá dian ar theicneolaíocht ag teastáil i gcealla fuinnimh agus i leictrealóirí mar aon le roinnt amhábhar criticiúil, go háirithe miotail sa ghrúpa platanaim, a bhfuil a bpríomhtháirgeoirí lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach, cuid mhaith díobh i dtíortha ina bhfuil an mhianadóireacht nasctha le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, rialachas atá ag dul in olcas, coinbhleachtaí agus díghrádú an chomhshaoil, agus go mbíonn ar tháirgeoirí san Aontas Eorpach díriú ar dhálaí oibriúcháin neamhiomaíocha;

J. de bhrí go bhfuil margadh don hidrigin inathnuaite fós le tógáil agus go mbeidh gá le cosaint iomchuí do chustaiméirí agus le hinfheistíochtaí suntasacha chun gur féidir dícharbónú a dhéanamh sna hearnálacha uile ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú;

K. de bhrí gur gá an t-éileamh úsáide deiridh ar hidrigin inathnuaite a dhreasachtú ar fud na n-earnálacha go léir, lena n-áirítear earnálacha a d’fhéadfadh leas a bhaint as hidrigin ísealcharbóin ina n-aistriú go geilleagar dícharbónaithe;

L. de bhrí go bhfuil ríthábhacht leis an bpraghas-aimsiú chun bunsraith an mhargaidh hidrigine a dhaingniú, chun díriú ar thacaíocht airgeadais phoiblí agus formhaoirseacht rialála éifeachtach agus faireachán poiblí éifeachtach a chumasú;

M. de bhrí go measann an Coimisiún go bhfuil praghas hidrigine inathnuaite san Aontas Eorpach idir EUR 2.5 agus 5.5 in aghaidh an kg arb iad praghas leictreachais inathnuaite agus praghas leictrealóirí is cúis leis, agus go bhfuil praghas hidrigine bunaithe ar bhreosla iontaise thart ar EUR 1.5 in aghaidh an kg;

N. de bhrí go ndéanann comhpháirtithe eacnamaíocha domhanda agus iomaitheoirí tacaíocht láidir airgeadais a chur ar fáil dá dtáirgeadh intíre hidrigine inathnuaite, lena n-áirítear an tAcht um Boilsciú a Laghdú sna Stáit Aontaithe lena ndéantar hidrigin

inathnuaite a chur chun cinn le creidmheas cánach suas le USD 3 in aghaidh an chileagraim;

1. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach (EHB); ag tabhairt dá haire go bhféadfadh 'an Banc Hidrigine Eorpach' a bheith míthreorach mar ainm, ós rud é nach banc é ach tionscnamh arb é is aidhm dó gníomhú mar ionad ilfhreastail éifeachtúil agus cuíchóirithe chun gníomhaíochtaí agus maoiniú a chomhordú ar feadh an tslabhra soláthair uile mar thacaíocht do thionscadail hidrigine inathnuaite;

2. ag spreagadh an Choimisiúin chun cistiú breise agus infheictheacht bhreise a chur ar fáil don tionscnamh, ós rud é gur garsprioc thábhachtach an méid sin chun borradh a chur faoi mhargadh hidrigine na hEorpa; á mheas gur ar an mBanc Hidrigine Eorpach ba cheart freagracht a bheith, go soiléir, as cur chun feidhme na moltaí atá san áireamh sa rún seo;

3. á mheabhrú gurb í hidrigin inathnuaite an t-aon chineál hidrigine inbhuanaithe; ag tabhairt dá haire gurb ionann leictrealóirí agus níos lú ná 4 % den táirgeadh iomlán hidrigine san Aontas; ag tabhairt dá haire go mbeidh ról ag hidrigin ísealcharbóin le linn na hidirthréimhse i dtreo geilleagar glan-nialasach agus sa bhorradh faoin margadh hidrigine;

4. á aithint go go mbíonn táirgeadh hidrigine inathnuaite dian ar fhuinneamh; ag tabhairt dá haire go gcaithfear borradh a chur faoi mhonarú leictrealóirí a mbíonn amhábhair chriticiúla iontu chun na spriocanna maidir le hidrigin inathnuaite a bhaint amach; ag tabhairt dá haire go dteastódh leathnú suntasach ar acmhainneacht an leictreachais inathnuaite freisin chuige sin agus an eangach chumhachta a uasghrádú;

5. á mheabhrú go measann an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh gur san Eoraip a bheidh 32 % den acmhainneacht leictrealóirí dhomhanda lonnaithe faoi 2030 más rud é go dtagann ann do na tionscadail uile atá beartaithe; á chur i bhfáth nach mór don Aontas a cheannaireacht dhomhanda maidir le hidrigin a choinneáil agus a fheabhsú trí mhargadh nuálach agus éifeachtúil a fhorbairt lena nasctar táirgeoirí le tomhaltóirí, agus bonneagair leordhóthnanacha in úsáid;

6. á chur in iúl gur geal léi na tograí ón gCoimisiún le haghaidh Gníomh um Thionscal Glan-Nialasach agus Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite a rannchuideodh le slabhraí luacha slána, iomaíocha agus athléimneacha a bheadh ag freastal ar an éileamh méadaithe ar hidrigin inathnuaite agus leictrealóirí ar san Aontas a táirgeadh iad; á chur i bhfáth gur cheart go bhfeidhmeodh an Banc Hidrigine Eorpach mar chomhlánú ar an nGníomh um Thionscal Glan-Nialasach;

7. ag tacú go láidir le nósanna imeachta ceada cuíchóirithe agus níos tapúla ar fud an tslabhra luacha go léir chun borradh a chur faoin táirgeadh hidrigine inathnuaite agus chun an nuálaíocht a chothú; á áitiú go ndéanfar an leibhéal ard cosanta ar an gcomhshaol atá ann faoi láthair a choimeád nuair a dhéantar iarratais cheada a mheasúnú, agus go ndéanfar gnéithe áirithe de na nósanna imeachta um dheonú ceadanna a bhaineann leis an gcomhshaol agus de na próisis riaracháin le haghaidh tionscadail fuinnimh inathnuaite a chuíchóiriú;

8. á mheas, chun ceannasacht thionsclaíoch an Aontais Eorpaigh a dhaingniú i gcomhthéacs uathriail straitéiseach oscailte, nár mhór, faoi chéad chéim cur chun feidhme an EHB, ardleibhéal tosaíochta a thabhairt don táirgeadh intíre a fhás go tapa agus go bhféadfaí síneadh a chur le céimeanna ina dhiaidh sin chun fás allmhairí iomaíocha de hidrigin inathnuaite a chumasú; á mheabhrú gur faoi inniúlacht an EHB ba cheart an tacaíocht le haghaidh táirgeadh intíre agus allmhairí araon a theacht;

9. á chur in iúl gur geal léi ról an EHB i dtaca le breis trédhearcachta maidir le sreafaí, idirbhearta agus praghsanna sa mhargadh hidrigine atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir gur feidhm ríthábhachtach é sin chun muinín an mhargaidh a mhéadú, formhaoirseacht rialála agus faireachán poiblí a neartú, agus eolas a dhéanamh do phleanáil comhtháite an bhonneagair fuinnimh;

10. ag cur béim ar an bhfíoras go mbeidh ról lárnach ag an gcistiú príobháideach maidir le margadh Eorpach le haghaidh hidrigin inathnuaite a thógáil agus nár cheart margadh éifeachtúil, a luaithe a fhorbraítear é, a bheith ag brath ar fhóirdheontais phoiblí;

11. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh creat stóinseach rialála margaidh AE le haghaidh hidrigine a bheith ina chabhair chun margadh dea-fheidhmiúil a bhunú; á chreidiúint gur den riachtanas conair phraghais intuartha ar bheagán luaineachta chun cinnteacht infheistíochta a chruthú le haghaidh infheistíochtaí fíor-riachtanacha sa táirgeadh hidrigine agus sa bhonneagar hidrigine;

12. á mheas go bhfuil na gníomhartha tarmligthe maidir le breoslaí inathnuaite leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch tar éis cur leis an intuarthacht agus leis an gcinnteacht d’infheisteoirí; á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún le haghaidh pacáiste margaidh i dtaca le hidrigin agus gás dícharbónaithe; á áitiú go mbeidh timpeallacht rialála chomhtháite agus chobhsaí le cur ar fáil don tionscal

13. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an táirgeadh hidrigine trí bhíthin leictrealóirí dian ar uisce, dar leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Inathnuaite, agus go n-ídítear idir 18 agus 24 kg uisce leis in aghaidh an kg hidrigine; á thabhairt chun suntais go mbíonn an tomhailt uisce níos airde fós nuair a chuirtear an slabhra luacha réamhtheachtach san áireamh; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar an Treoir Réime maidir le hUisce[23], go háirithe i gcás réigiúin a mbaineann baol triomaigh leo; á iarraidh go ndéanfar breis taighde ar theicneolaíochtaí díshalannaithe uisce lena n-íoslaghdaítear an tomhailt uisce agus na tionchair ar an gcomhshaol, go háirithe an baol truaillithe ó uisce goirt;

14. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil ról tábhachtach ag Gleannta Hidrigine agus bonneagair ghaolmhara mar uirlisí chun tacú le dícharbónú ceantar tionsclaíoch, an nuálaíocht a chothú agus rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil; ag tabhairt dá haire go soláthraíonn Gleannta Hidrigine braislí daingnithe soláthair agus éilimh hidrigine san Eoraip; á mheas gurb é an Banc Hidrigine Eorpach atá freagrach as na lárionaid tomhaltais ábhartha go léir ar fud Gleannta Hidrigine a chomhordú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh, agus tionscnaimh shuaitheanta mhórscála a uas-scálú;

---

[23] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

*Tacaíocht airgeadais do tháirgeadh intíre hidrigine inathnuaite*

15. á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Choimisiúin an chéad cheant píolótach praghasbhunaithe a sheoladh chun tacú le hidrigin inathnuaite; ag cur sonrú sa bhuiséad EUR 800 milliún chun tacú leis an táirgeadh hidrigine inathnuaite ar feadh thréimhse 10 mbliana; ag iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun measúnú gan mhoill ar an gceant píolótach sin a mhéid a bhaineann lena éifeachtúlacht, agus lena iarmhairtí maicreacnamaíocha agus tionsclaíocha;

16. á aithint gur roghnaigh an Coimisiún tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm préimh sheasta sa chéad cheant píolótach, ós rud é go mbeidh difríocht mhór idir an táirgeadh hidrigine agus an tomhailt hidrigine, i dtús ama ar aon nós; á áitiú go leagtar síos préimh sheasta le haghaidh ceantanna amach anseo a bheidh coibhéiseach leis an bpréimh atá á moladh ag na Stáit Aontaithe faoin Acht um Boilsciú a Laghdú, nó níos airde ná an phréimh sin; á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí comhlántacha amhail deontais, conarthaí difríochta agus conarthaí difríochta carbóin a mheas; á mheas go bhféadfadh na sásraí comhlántacha sin tacú, ní hamháin le táirgeadh hidrigine inathnuaite, ach leis an éileamh ar hidrigin inathnuaite freisin;

17. á athdhearbhú go bhfuil an-tábhacht le cothromaíocht gheografach agus earnálach chun an táirgeadh hidrigine inathnuaite a chumasú ar fud an Aontais Eorpaigh agus a húsáid a chumasú ag earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú; á áitiú gur den riachtanas gan na díréireachtaí réigiúnacha atá ann cheana féin, de bharr a oiread éagsúlachta a bhaineann le forbairt an mhargaidh hidrigine, a dhoimhniú tuilleadh; ag tathant ar an gCoimisiún ceantanna réigiúnacha a fhorbairt agus, chuige sin, réigiúin a shainiú a bheadh mór go leor chun iomaíocht leordhóthanach a dhaingniú agus cothromaíocht gheografach a áirithiú freisin; á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún eochair leithdháilte a mholadh chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt chothrom ar mhargadh hidrigine na hEorpa ar fud na réigiún;

18. ag iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh teicniúil a thabhairt do na Ballstáit atá ar bheagán rannpháirtíochta, dá bhforáiltear san athbhreithniú is déanaí ar an Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí[24]; á chur i bhfáth gur cheart go spreagfadh an tacaíocht sin rannpháirtíocht iarratasóirí ó na Ballstáit go léir sna ceantanna faoin EHB;

19. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an EHB tionscadail forbartha níos lú a mhealladh freisin ag moladh don Choimisiún go gcoigeartódh sé gnéithe de dhearadh ceant, go háirithe an ceanglas maidir le hacmhainneacht íosta an leictrealóra suiteáilte agus an srian ar uasmhéid tairisceana, agus go measfadh sé an bhféadfaí iarratais a chomhthiomsú, chun rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a éascú;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún na rialacha maidir le comhoiriúnacht idir tacaíocht airgeadais phoiblí agus cistiú arna sholáthar faoin EHB a athmheasúnú agus a shoiléiriú, ag cur san áireamh nár cheart aon charnadh a bheith ann maidir leis na costais chéanna,

[24] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

chun iomaíocht chóir a chosaint i measc na n-iarratasóirí go léir;

21. á chur i bhfáth gur cheart i ndearadh ceantanna amach anseo go ndéanfaí tosaíocht de hidrigin inathnuaite a dhíol le tionscail ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú agus le hiompar trom, go háirithe eitlíocht agus loingseoireacht; á chreidiúint, i ndail leis sin, gur cheart sriantachtaí áirithe a bheith san áireamh i gcritéir incháilitheachta na gceantanna;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún, ní hamháin praghas a mheas, ach córas soiléir pointí bónais a chur san áireamh freisin i rangú na dtairiscintí; ag tabhairt dá haire gur cheart go dtabharfadh córas den sórt sin luach saothair do thairiscintí lena soláthraítear an leibhéal is airde inbhuanaitheachta, as a n-eascraíonn cruthú fostaíochta suntasach agus lena gcuirtear cúrsaí oiliúna ardcháilíochta, printíseachtaí agus athsciliú nó uas-sciliú oibrithe chun cinn;

23. á aithint go bhfuil géarghá le borradh a chur faoi tháirgeadh leictrealóirí san Aontas; á mholadh go ndéanfaí idirdhealú idir caiteachas oibríochtúil agus caiteachas caipitiúil; á mheas nár cheart tacaíocht fhéideartha do chaiteachas caipitiúil ar hidrigin ísealcharbóin a dhíriú ach ar infheistíochtaí ar féidir leo rannchuidiú le táirgeadh hidrigine inathnuaite ag céim níos déanaí, go háirithe maidir le leictrealóirí a cheannach, agus nár cheart caiteachas oibriúcháin ar hidrigin ísealcharbóin a chumhdach léi;

***Tacaíocht neamhairgeadais d'éiceachóras hidrigine an Aontais***

24. á chur in iúl gur geal léi smaoineamh an Choimisiúin an coincheap 'ceantanna mar sheirbhís' a sheoladh; á mheas go bhféadfadh sé na costais riaracháin do na Ballstáit a laghdú agus conair fhíor-Eorpach i dtreo aistriú fuinnimh a chur chun cinn; á iarraidh ar an gCoimisiún an coincheap sin a mheas agus a fhorbairt thairis sin le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite eile a fhiosrú; á chur i bhfáth gur cheart na hualaí riaracháin sa phróiseas iarratais a laghdú a mhéid is féidir, chun go bhféadfadh FBManna na próisis dámhachtana a láimhseáil freisin;

25. ag moladh go mbeadh ar chumas an EHB comhairle dhílsithe a chur ar fáil do ghníomhaithe príobháideacha maidir le suiteálacha hidrigine inathnuaite agus ísealcharbóin a fhorbairt san Aontas; á chreidiúint gur cheart seirbhís den sórt sin a bheith neamhspleách ar chistiú ón EHB a bheith faighte, nó gan a bheith faighte, ag an iarratasóir; ag moladh go mbeadh an tseirbhís chomhairleach sin ag brath ar shaineolas an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI); á mholadh go ndeánfaí gníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Eorpaí don Hidrigin Ghlan a áireamh faoin EHB chun fóram fisiciúil a chruthú ina bhféadfadh táirgeoirí agus tomhaltóirí hidrigine teacht le chéile chun comhairle a fháil agus dea-chleachtais a mhalartú;

26. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ilroinnt eintitis AE a bhíonn ag plé le hidrigin a shrianadh; á mholadh go ndéanfar gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais um Hidrigin Ghlan, agus go háirithe an Fhaireachlann Breosla-Chille a chur san áireamh faoi chuimsiú an EHB; á áitiú nach laghdófaí ar an infheistíocht phoiblí ar son taighde, forbairt agus nuáil amr gheall ar an gcur san áireamh sin;

27. á chreidiúint go bhféadfadh sásra comhcheannach deonach i gcomhair hidrigine rannchuidiú le forbairt an mhargaidh hidrigine intíre agus le hallmhairí faoin EHB a

dhaingniú; á chur i bhfáth freisin maidir le ceannacháin i gcomhpháirt go ndéanfaí infheistíochtaí i dtoilleadh hidrigine inathnuaite a éascú, soláthar hidrigine inathnuaite ar phraghsanna inacmhainne a áirithiú agus tomhaltóirí Eorpacha a chosc ar a bheith ag ceantáil ar a chéile;

28. ag tabhairt dá haire go bhféadfadh AggregateEU gníomhú mar threoirthionscadal d'fhorbairt an mhargaidh hidrigine faoin EHB; ag iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2026 maidir le sásra buan chun hidrigin a cheannach go comhpháirteach faoi Ardán Fuinnimh an Aontais Eorpaigh; á chreidiúint go bhféadfaí an measúnú sin a bhunú ar mhionanailís ar na samhlacha imleora comhair cuideachta agus ar an bhféidearthacht go ndéanfaí scéimeanna ráthaíochta a chruthú faoina bhféadfaí cuideachtaí níos lú agus FBManna a fhostú go héifeachtach;

29. ag iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as an soláthar poiblí glas chun bheith i bhfách le hearraí a táirgeadh le hidrigin inathnuaite, amhail cruach a úsáidtear chun foirgnimh phoiblí agus bonneagar a thógáil;

*Allmhairí de hidrigin inathnuaite*

30. ag tabhairt dá haire, in ainneoin méadú ar an táirgeadh intíre hidrigine inathnuaite, go bhféadfadh allmhairí ó thíortha nach tíortha AE iad a bheith ag teastáil mar gheall ar éileamh a bheith ag dul i méid; á chur i bhfáth gur cheart don EHB sineirgí a shaothrú maidir le luathú allmhairí de hidrigin inathnuaite, agus díriú ar an éileamh breise ar mhargadh na hEorpa;

31. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé na conairí bonneagair arna sainaithint sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le plean REPowerEU a chur chun cinn, chun allmhairiú suas le 10 milliún tona hidrigine inathnuaite a éascú, agus tacaíocht a thabhairt don dícharbónú sna tíortha comhpháirtíochta;

32. á mheabhrú go mbeidh feidhm ag an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) maidir le hidrigin; ag cur béim ar a thábhachtaí atá ról AE mar bhunaitheoir caighdeán domhanda agus ag iarraidh ar an gCoimisiún scéim choiteann deimhniúcháin, scéim stóinseach, a sholáthar faoin 31 Nollaig 2025, i gcomhréir leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite le haghaidh allmhairí de hidrigin inathnuaite, a bheidh comhionann leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir leis an táirgeadh intíre, chun cothrom iomaíochta a áirithiú do chomhpháirtithe idirnáisiúnta iontaofa;

33. á áitiú gur cheart infheistíocht i hidrigin inathnuaite ó thríú tíortha a bheith faoi réir na bprionsabal idirnáisiúnta díchill chuí, lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Treoir Díchill Chuí ECFE maidir le hIompar Gnó Freagrach;

34. ag tathant ar an gCoimisiún treoirlínte a ullmhú ina mbeidh critéir shoiléire agus thrédhearcacha maidir le hincháilitheacht táirgeoirí ó thíortha neamh-Aontais le haghaidh tacaíocht AE, bunaithe ar rioscaí geopholaitiúla agus an fhéidearthacht iad a laghdú trí chomhar, infhaighteacht acmhainní dá n-aistriú fuinnimh intíre agus iad a bheith ailínithe le luacha AE agus le caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta AE, lena n-

áirítear dálaí oibre agus cearta na bpobal dúchasach;

35. á chur i bhfáth go bhfuil réigiúin ar domhan a bhfuil dálaí i bhfad níos fearr iontu i gcomhair tháirgeadh hidrigine inathnuaite mar go bhfuil neart spáis acu agus leictreachas inathnuaite; á mheabhrú gur cheart forbairt margaí domhanda riailbhunaithe, trédhearcacha agus neamhshaofa do hidrigin a chur chun cinn le taidhleoireacht fuinnimh agus hidrigine an Aontais Eorpaigh agur gur cheart é a bheith mar aidhm na tíortha comhpháirtíochta domhanda, agus go háirithe tíortha i gcomharsanacht an Aontais, a chumasú chun a n-aistrithe fuinnimh a bhaint amach agus a gcaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus dhaonlathais a fheabhsú;

36. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé soláthróirí a éagsúlú agus cothrom iomaíochta domhanda a choinneáil nuair a thugtar tacaíocht do tháirgeadh hidrigine inathnuaite i dtíortha nach tíortha Aontais iad; á mholadh go gceanglófar an euro a úsáid le haghaidh allmhairí de hidrigin inathnuaite a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, chun go ndéanfar airgeadra tagartha domhanda na malartán hidrigine de ar fud an domhain;

***Tacaíocht airgeadais d'iompar hidrigine inathnuaite***

37. ag cur béim ar an bhfíoras gur den riachtanas, chun an margadh hidrigine a luathú go rathúil, infheistíocht leordhóthanach a áirithiú chun go bhforbrófar bonneagar hidrigine imleor, ní hamháin chun soláthar agus éileamh a nascadh, ach chun hidrigin a stóráil agus a iompar ar fud an Aontais Eorpaigh freisin (mar shampla, feadh an chnámh droma Eorpaigh hidrigine); á áitiú gur cheart scóigeanna tráchta agus naisc atá ar iarraidh a sheachaint chun go bhféadfaidh hidrigin na margaí is géire a dteastaíonn sí iontu a bhaint amach; á chur i bhfáth maidir le córais hidrigine a fhorbairt go dtabharfaí tosaíocht, a mhéid is féidir, do chomshuí an táirgthe agus na húsáide, agus a oiread sineirgí agus is féidir a chumasú leis an mbonneagar reatha le haghaidh iompair gáis nádúrtha;

38. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit infheistíocht phríobháideach a spreagadh agus, i gcás inar gá, a áirithiú go mbeidh cistiú poiblí ann do shuiteálacha nua le haghaidh hidrigine agus le haghaidh athchuspóiriú suiteálacha atá in úsáid don ghás nádúrtha cheana féin; á mheas gur ionstraimí oiriúancha iad deontais agus conarthaí difríochta (carbóin), a mbeadh iompar ina chomhchuid den chostas, chun tacú le hinfheistíochtaí i mbonneagar carbóin; á chur i bhfáth, ón bpeirspictíocht chéanna, gur cheart acmhainní náisiúnta a leithdháileadh ar an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, chun cistiú an bhonneagair ábhartha a fheabhsú, agus gur cheart foinsí malartacha cistiúcháin Aontais faoin mBeartas Comhtháthaithe agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a shlógadh;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún a leagan mar chúram ar an EHB comhordú a dhéanamh ar bhailiú na sonraí ábhartha go léir arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ag an tionscal i ndáil le táirgeadh, stóráil, iompar, dáileadh agus tomhailt hidrigine; ag tabhairt dá haire gur cheart na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí, a mhéid is féidir, agus go bhféadfaí leas a bhaint astu sa phróiseas cinnteoireachta chun bonneagar a bhaineann le hidrigin a fhormheas faoin Rialachán athbhreithnithe maidir

le Gréasáin Fuinnimh Thras-Eorpacha[25];

*Cuíchóiriú ionstraimí agus sásraí airgeadais AE*

40. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil tionscail i lathair na huaire ag plé le héagsúlacht ionstraimí tacaíochta airgeadais le haghaidh táirgeadh hidrigine; ag iarraidh ar an gCoimisiún ionaid ilfhreastail le haghaidh maoiniú hidrigine a dhéanamh den EHB;

41. ag cur sonrú sa bhuiséad foriomlán EUR 3 bhilliún don EHB a fógraíodh in Aitheasc 2022 ar Staid an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt ar an mbuiséad bliantúil a bheidh ar fáil as seo go ceann cúig bliana faoi gach colún den EHB agus treochlár a ullmhú de na ceantanna a bheartaítear; á áitiú gur cheart ceantanna amach anseo a fhógairt 12 mhí roimh ré ar a laghadh chun intuarthacht a chur ar fáil don tionscal;

42. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di buiséad foriomlán EHB i gcomparáid leis na fóirdheontais, na dreasachtaí agus an creat infheistíochta níos tarraingtí i réigiún eile ar domhan, go háirithe sa tSín agus SAM; á chreidiúint go bhfuil an clúdach reatha EUR 800 milliún don chéad cheant píolótach rótheoranta; ag iarraidh ar an gCoimisiún buiséad iomchuí a mholadh don EHB trína mhéadú go suntasach le hacmhainní úra sna blianta romhainn;

43. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú meántéarmach ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) mar ar mhol an Coimisiún EUR 5 bhilliún sa bhreis i gcomhair an Chiste don Nuálaíocht; ag iarraidh go ndéanfar cuid shuntasach den airgead breise sin a leithdháileadh ar an EHB, chun go bhféadfaidh an Ciste don Nuálaíocht tacaíocht a thabhairt do bhreis tionscadal; á thabhairt chun suntais gur cheart, de bhreis ar an gCiste don Nuálaíocht, féachaint ar chistiú eile chun go mbeidh an EHB neamhspleách ar éagsúlachtaí i bpraghas carbóin;

44. ag iarraidh ar an gCoimisiún innéacsú boilscithe a mheas i gcás na préimhe seasta, chun cobhsaíocht a áirithiú agus táirgeoirí – go háirithe táirgeoirí beaga agus meánmhéide – a chosaint ar mhéaduithe praghais féideartha ar fhuinneamh, amhábhair agus obair oibríochtúil amach anseo;

45. ag tabhairt dá haire nár tháinig an Coimisiún suas le hionstraim airgeadais go fóill chun tacú le hallmhairí de hidrigin inathnuaite; ag spreagadh comhair idir an EHB agus cláir arna mbunú ag na Ballstáit nuair a bhítear ag ple le hallmhairí; á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a dhéanamh le haghaidh ionstraim airgeadais ina spriocdhírítear ar allmhairí ó thíortha neamh-Aontais faoin EHB, i gcás inarb iomchuí agus ina luíonn sé leis an SCCT;

46. á chur i bhfáth go bhfuil gá le foireann dhílsithe chun oibríochtaí EHB a shaothrú agus á iarraidh go mbeadh cistiú leordhóthanach ann ina leith; ag moladh tascfhórsa a chur ar

[25] Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009 agus (AE) 2019/942 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

bun don EHB agus foireann ann ó na seirbhísí ábhartha go léir sa Choimisiún ;

47. á chur in iúl gur geal léi rún an Choimisiúin úsáid chistiú AE le haghaidh tionscadail hidrigine a chuíchóiriú, agus an togra reachtach le haghaidh Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), áit a sainítear hidrigin inathnuaite mar theicneolaíocht ghlan chriticiúil a bhfuil breis tacaíochta de dhíth uirthi; á iarraidh go mbeidh an leibhéil sineirge is airde idir STEP agus EHB;

48. á áitiú go mbeadh EHB ina phointe teagmhála aonair chun faisnéis a sholáthar maidir le cistiú AE atá ar fáil ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacú le tionscadail hidrigine inathnuaite; ag moladh go ndéantar an Compás Hidrigine le haghaidh Cistiú Poiblí a chomhcheangal leis an EHB agus faisnéis maidir leis na hionstraimí airgeadais ábhartha go léir a bheith san áireamh, lena n-áirítear iad seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh: an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Fís Eorpach agus an Ciste don Nuálaíocht, agus nuashonruithe ar bhonn rialta;

49. ag moladh go ndéanfadh an EHB uirlis ar líne a chur ar bun chun deis a thabhairt don tionscal agus do FBManna go háirithe measúnú tapa a dhéanamh ar incháilitheacht fhéideartha tionscadail a bhaineann le hidrigin inathnuaite nó ísealcharbóin i gcomhair cistiú Aontais, a bheadh gan dochar don chinneadh críochnaitheach agus nach gceanglódh aon fhaisnéis rúnda a chur ar fáil;

50. á iarraidh ar an EHB an rochtain ar airgeadas a fheabhsú le haghaidh tionscadail hidrigine inathnuaite; á iarraidh ar an EHB iasachtaí ar ráta nialasach nó iasachtaí ráthaithe a chur ar fáil, cúnamh a thabhairt chun maoiniú fadtéarmach a dhaingniú agus cothromas agus infheistíochtaí eile i dtionscadail ábhartha a chumasú;

51. ag tacú le le praghas síleála a thabhairt isteach maidir leis an bpréimh sheasta, arna mholadh ag an gCoimisiún, chun nach róchúiteofar iarratasóirí rathúla a ghlacann páirt i gceantanna; á áitiú gur cheart go dtiocfadh deireadh le tacaíocht Aontais a luaithe a éiríonn praghas hidrigine inathnuaite iomaíoch; ag tathant ar an gCoimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar an gcostas táirgthe agus ar phraghas an mhargaidh ar hidrigin inathnuaite agus athmheasúnú a dhéanamh ar an bpréimh sheasta a bhronntar ar thionscadail bhuaiteacha ag deireadh gach socrú conarthach idir táirgeoirí agus tomhaltóirí, nó gach cúig bliana ar a laghad;

***Trédhearcacht, cuntasacht agus tuairisciú***

52. á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún ina ndéanfar measúnú ar an dul chun cinn i bhforbairt an mhargaidh hidrigine inathnuaite agus ina ndéanfar meastóireacht ar ghníomhaíochtaí EHB; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht sa tuarascáil sin freisin ar mhiondealú geografach an chistiúcháin, ar líon na bpost a chruthaítear, ar athruithe ar an soláthar agus an éileamh, ar chostas na hidrigine inathnuaite i gcomparáid le cineálacha eile hidrigine, agus ar fhorbairt bonneagar dílsithe hidrigine;

53. á iarraidh ar an gCoimisiún meastóireacht chuimsitheach ar EHB a thíolacadh roimh a thogra le haghaidh CAI nua;

°

° °

54. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig gach ceann d’institiúidí an Aontais agus chuig na Ballstáit.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá hidrigin in-athnuaite ríthábhachtach chun geilleagar na hEorpa a dhícharbónú, go háirithe i dtionscail ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú agus in iompar trom. Is féidir í a úsáid freisin le haghaidh stóráil fuinnimh, rud a chuireann le comhtháthú na gcóras fuinnimh. Tá cuspóir uaillmhianach leagtha síos ag an gCoimisiún Eorpach, is é sin 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh san Aontas faoi 2030. Sa teachtaireacht maidir le REPowerEU, leag an Coimisiún síos sprioc bhreise, is é sin 10 milliún tona a allmhairiú faoi 2030.

Ní mór margadh AE don hidrigin in-athnuaite teacht chun cinn fós. Beidh gá le hinfheistíochtaí suntasacha, ón earnáil phríobháideach go príomha, chun margadh éifeachtúil agus trédhearcach a chruthú. Measann an Coimisiún go gcosnóidh táirgeadh intíre hidrigine in-athnuaite idir EUR 335 bhilliún agus EUR 471 bhilliún. Bheadh EUR 500 billiún breise de dhíth ar allmhairí. I bhfianaise mhéid na n-infheistíochtaí sin, níor cheart bheith d'fheidhm ag cistiú poiblí ach bheith ina spreagadh chun margadh hidrigine a chruthú. Níor cheart leanúint den tacaíocht airgeadais a luaithe agus a bheidh an margadh forbartha.

Ní mór don hidrigin inathnuaite dúshláin iomadúla a shárú. Ar an gcéad dul síos, níl táirgeadh hidrigine inathnuaite ar scála; chun cealla breosla agus leictrealóirí a mhonarú tá gá le ceimiceáin, comhpháirteanna atá dian ar theicneolaíocht agus roinnt amhábhar criticiúil nach bhfuil na príomhtháirgeoirí ina leith lonnaithe san Aontas. Ar an dara dul síos, tá na margaí praghasbhunaithe, agus níl tomhaltóirí toilteanach níos mó a íoc as hidrigin inathnuaite, a bhfuil praghas níos airde uirthi faoi láthair i gcomparáid le cineálacha eile hidrigine. Ar an tríú dul síos, tá bonneagair fós le himscaradh chun iompar hidrigine a éascú. Ar deireadh, tá táirgeadh hidrigine inathnuaite dian ar uisce. Dá bhrí sin, ní mór aird ar leith a thabhairt chun éifeachtúlacht acmhainní a áirithiú i gcomhréir leis an Treoir Réime maidir le hUisce, go háirithe i réigiúin atá i mbaol ganntanas uisce.

Is céim dhearfach í an Teachtaireacht maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach (EHB) chun dlús a chur le táirgeadh intíre hidrigine inathnuaite agus chun ligean do mhargadh teacht chun cinn. Moltar inti freisin creat chun hidrigin inathnuaite a allmhairiú san Aontas agus ionstraimí airgeadais an Aontais atá ann cheana a chuíchóiriú chun tacú le táirgeadh hidrigine inathnuaite.

Sainaithnítear sa dréacht-tuarascáil seo réimsí ina bhfuil feabhas riachtanach.

***Tacaíocht airgeadais do tháirgeadh intíre hidrigine inathnuaite***

Chinn an Coimisiún an chéad cheant píolótach a bhunú le buiséad EUR 800 milliún thar 10 mbliana agus préimh sheasta in aghaidh gach cileagraim de hidrigin inathnuaite ag gabháil leis. Ba cheart measúnú láithreach a dhéanamh ar an gceant píolótach sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht conarthaí difríochta agus/nó conarthaí difríochta carbóin a thabhairt isteach.

Ba cheart do cheantanna cothromaíocht gheografach a áirithiú agus inbhuanaitheacht agus gnéithe sóisialta a chur san áireamh. Ina leith sin, ba cheart don Choimisiún ceantanna réigiúnacha a chruthú chun a áirithiú go dtáirgfear agus go n-úsáidfear hidrigin inathnuaite ar fud an Aontais. Ba cheart dó córas a chruthú a thabharfaidh luach saothair do thairiscintí lena

dtugtar gealltanas maidir leis an leibhéal is airde critéar inbhuanaitheachta, a chruthóidh líon post suntasach san Aontas, agus a chuirfidh forbairt scileanna chun cinn.

Ní shonraítear sa chéad cheant na hearnálacha a bheadh incháilithe chun hidrigin inathnuaite a úsáid. Mar sin féin, ní bheidh hidrigin inathnuaite ar fáil ach i gcainníocht theoranta. Dá bhrí sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt d'earnálacha a bhfuil an acmhainneacht is mó dícharbónaithe acu, eadhon tionscail ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú agus iompar trom.

Ní hamháin gur cheart don Choimisiún díriú ar phréimh sheasta a leithdháiltear trí cheantanna, ach ba cheart dó deontais a chruthú freisin. Fiú amháin le ceantanna réigiúnacha, tá baol ann nach leithdháilfeadh ceantanna cistiú ach ar na ceannairí margaidh atá ann cheana féin. Ba cheart go gcuideodh deontais chun dlús a chur le táirgeadh hidrigine inathnuaite ag FBManna nó ag gníomhaithe atá ag teacht chun cinn.

***Tacaíocht neamhairgeadais d'éiceachóras hidrigine an Aontais***

Ina theachtaireacht maidir le EHB, cuireann an Coimisiún in iúl gur spéis leis féachaint an bhféadfaí sásra le haghaidh comhiomlánú an éilimh agus comhcheantáil hidrigine inathnuaite a áireamh. Luann an Coimisiún forálacha trédhearcachta Ardán Fuinnimh AE freisin. Sula gcuirfidh an Coimisiún comhiomlánú an éilimh, comhcheantáil nó ceanglas trédhearcachta i bhfeidhm, ba cheart don Choimisiún meastóireacht chuimsitheach a ullmhú ar éifeachtaí na mbeart sin atá ann cheana ar ghás nádúrtha agus measúnú tionchair ar na héifeachtaí a bhfuiltear ag dréim leo ar shreafaí hidrigine.

Ós rud é gur cruthaíodh Ardán Fuinnimh AE faoi rialachán éigeandála ón gComhairle bunaithe ar Airteagal 122 CFAE, is ar bhonn sealadach amháin atá sé á chur i bhfeidhm. Rachaidh an Rialachán in éag ag deireadh 2023. Dá gcuirfí síneadh le hArdán Fuinnimh AE trí rialachán éigeandála eile, d'eisiafaí an Pharlaimint go héagórach ón bpróiseas cinnteoireachta. Má tá forálacha Ardán Fuinnimh AE le cur chun feidhme freisin maidir le hidrigin agus ar bhonn buan, ba cheart don Choimisiún tús a chur láithreach leis an obair ar thogra reachtach faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

***Allmhairí hidrigine inathnuaite***

Ba cheart go mbeadh sé mar phrionsabal ginearálta gurb é táirgeadh intíre hidrigine inathnuaite an tosaíocht i gcónaí agus an tacaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann d'allmhairí á plé. Má tá an costas a bhaineann le táirgeadh agus iompar hidrigine in-athnuaite ó thríú tíortha níos ísle i gcomparáid le táirgeadh intíre, is cosúil go bhfuil an t-údar le soláthar préimhe seasta breise nó aon chineál tacaíochta airgeadais lena gcumhdaítear táirgeadh neamh-AE amhrasach, sa chás is fearr.

Thairis sin, is réamhriachtanas é muinín chun margadh idirnáisiúnta le haghaidh hidrigin inathnuaite a bhunú. Ba cheart cosaint tomhaltóirí agus cothrom iomaíochta domhanda a bheith ina phríomhthosaíocht. Ní mór hidrigin inathnuaite ó thríú tíortha a bheith i gcomhréir go hiomlán leis na gníomhartha tarmligthe maidir le breoslaí inathnuaite leachtachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch (RFNBOnna). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún scéim láidir deimhniúcháin a ráthú le haghaidh allmhairí de hidrigin inathnuaite.

*Cuíchóiriú ionstraimí AE agus impleachtaí airgeadais*

Is forbairt an-dearfach é go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún ionstraimí airgeadais an Aontais a chuíchóiriú chun comhleanúnachas a áirithiú. Mar sin féin, ba cheart don Choimisiún díriú freisin ar shoiléireacht a sholáthar maidir le himchlúdach airgeadais EHB. D'fhógair Staid an Aontais 2022 buiséad EUR 3 bhilliún. Ó shin i leith, ba é an t-aon seachadadh suntasach an phleanáil don chéad cheant píolótach de EUR 800 milliún thar 10 mbliana. Tá tuilleadh eolais ag teastáil maidir leis an EUR 2.2 billiún atá fágtha. Ba cheart don Choimisiún an buiséad bliantúil atá ar fáil faoi gach colún de EHB a mhíniú. Ba cheart go gcuirfeadh sé treochlár ar fáil freisin ina sonraítear méid agus gnéithe ginearálta na gceantanna dá bhforáiltear sna blianta atá le teacht.

I gcás ina gcuireann comhpháirtithe eacnamaíocha domhanda agus iomaitheoirí infheistíocht phoiblí ar fáil i dteicneolaíochtaí glana, is gá an buiséad EUR 3 bhilliún a mhéadú. Chun comparáid a dhéanamh, cruthaíonn Gníomh um Laghdú Boilscithe na Stát Aontaithe creidmheas cánach ginearálta suas le USD 3 in aghaidh an chileagraim. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an iomaíocht agus méid teoranta an imchlúdaigh airgeadais reatha i gcomparáid le méid na n-infheistíochtaí riachtanacha, ba cheart tosaíocht a thabhairt do thacaíocht ón Aontas don hidrigin a leathnú san athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ibhliantúil reatha agus sa phlé ar Chiste Ceannasachta AE.

*Cuntasacht agus tuairisciú*

Oibríonn EHB le cistiú ón gCiste Nuálaíochta a eascraíonn as leithdháileadh liúntas Chóras Trádála Astaíochtaí AE. Ós rud é go bhfuil an Coimisiún freagrach as feidhmiú bhuiséad an Aontais, ba cheart dó tuarascáil bhliantúil a thíolacadh maidir le gníomhaíochtaí EHB agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le margadh a chruthú nach mbeidh ag brath ar fhóirdheontais phoiblí sa deireadh.

Sa bhreis ar an tuarascáil bhliantúil, ba cheart don Choimisiún meastóireacht chuimsitheach a ullmhú in am don phlé ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile agus faoi chuimse na díospóireachta ar fhoinsí nua cistithe a d'fhéadfadh a bheith ann don hidrigin inathnuaite.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í::

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Amprion |
| BASF |
| Bundesverband der Energie- und Wasserwirtschaft |
| CEFIC |
| CEP - Centre for European Policy |
| Clean Air Task Force |
| Commissarait à l'Energie Atomique |
| Duslo Šaľa |
| E.On |
| ECOS |
| EnBW Energie Baden-Württemberg |
| EPICO |
| ERCST |
| Eurofer |
| Eurogas |
| European Commission |
| European Committee of the Regions |
| European Economic and Social Committee |
| Eustream |
| EWE |
| Fertilizers Europe |
| Gas Grid Europe |
| Gasunie |
| GD4S |
| German Economic Institute |
| H2Global-Stiftung |
| Hydrogen Europe |
| IG Bergbau, Chemie, Energie |
| Norsk Hydro |
| P2X Solutions |
| Redes Energéticas Nacionais (REN) |
| Renewable Hydrogen Coalition |
| Rolls Royce |
| RWE |
| Sandbag |
| Slovak National Hydrogen Association |
| Slovnaft (MOL Group) |

| |
|---|
| SolarPower Europe |
| SPP – Slovensky plynarensky priemysel |
| SWM |
| TenneT |
| Thyssenkrupp |
| U.S. Steel Košice |
| Uniper |
| Verband Kommunaler Unternehmen |
| Verbraucherzentrale Bundesverband |
| Wacker Chemie |
| WirtschaftsVereinigung Metalle |
| Wirtschaftsvereinigung Stahl |
| Yara International |
| ZVEI |

Is faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara a rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas.

7.11.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach
(2023/2123(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Adam Jarubas

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí nach mór do bhuiséad an Aontais a thacaíocht a mhéadú do chuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí agus leanúint de bheith ina uirlis lárnach chun an cuspóir sin a bhaint amach; de bhrí go bhfuil gá le hinfheistíochtaí níos mó san fhuinneamh, ós rud é go bhfuil na riachtanais méadaithe de bharr na géarchéime fuinnimh agus na bochtaineachta fuinnimh atá ag dul i méid;

B. de bhrí go bhféadfadh hidrigin in-athnuaite rannchuidiú le cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach, amhail ról tábhachtach a bheith aici i ndícharbónú earnálacha ina bhfuil sé deacair astaíochtaí a mhaolú, lena n-áirítear earnáil na heitlíochta, i gcás nach bhfuil aon roghanna malartacha eile fuinnimh nó costéifeachtacha ar fáil; de bhrí go n-áirítear i straitéis hidrigine an Aontais agus REPowerEU cuspóir 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh san Aontas faoi 2030 agus an méid céanna a allmhairiú; de bhrí gur gá gníomhaíochtaí éifeachtacha a chruthú sa mhargadh hidrigine lena dtabharfar aghaidh ar sholáthar agus ar éileamh araon;

C. de bhrí gur féidir leis na Ballstáit a n-ioncam náisiúnta ón gcóras trádála astaíochtaí agus ó fhoinsí eile a úsáid chun ceantanna iomaíocha náisiúnta a sheoladh le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite; de bhrí, in éineacht le ceantanna, go bhfuil gá le hionstraimí airgeadais eile a rannchuidíonn le tacú le margadh hidrigine na hEorpa, go háirithe chun tionscadail cheannródaíocha ar mhionscála a chur chun cinn bunaithe ar úsáid hidrigine glaise agus in-athnuaite;

D. de bhrí go bhfuil tionscadail leanúnacha hidrigine, amhail tionscadail de chuid Thionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI), ríthábhachtach chun margaí nua hidrigine a chruthú;

1. á chur in iúl gur geal leis tionscnamh an Bhainc Eorpaigh Hidrigine (BEH); á chur in iúl gur oth leis úsáid an fhocail ‘banc’, ós rud é nach mbeidh gníomhaíochtaí infheistíochta ná iasachtaithe i gceist leis an tionscadal ach go mbeidh sé d’aidhm aige gníomhaíochtaí agus maoiniú a chomhordú chun tacú le tionscadail hidrigine in-athnuaite; á iarraidh ar

an gCoimisiún an tionscnamh a athainmniú dá réir agus é a dhéanamh níos éasca do thionscnóirí tionscadail agus don phobal i gcoitinne na cuspóirí a shainaithint, lena n-áirítear praghas-aimsiú agus cruthú margaidh luath; á chur i bhfáth go bhfuil gá le foireann thiomnaithe chun oibríochtaí EHB a shaothrú agus á iarraidh go mbeadh cistiú leordhóthanach ann ina leith sin, laistigh den chreat institiúideach atá ann cheana;

2. á thabhairt chun suntais gur mheas an Coimisiún go mbeadh an infheistíocht iomlán is gá chun 10 milliún tona hidrigine in-athnuaite a tháirgeadh, a iompar agus a thomhailt idir EUR 335-471 billiún, agus go mbeadh EUR 200-300 billiún ag teastáil le haghaidh táirgeadh breise leictreachais in-athnuaite, fad a mheas sé go mbeadh gá le hinfheistíochtaí breise EUR 500 billiún i slabhraí luacha idirnáisiúnta chun 10 milliún tona de dhíorthaigh hidrigine in-athnuaite agus de dhíorthaigh hidrigine a allmhairiú; á thabhairt dá aire gur fógraíodh buiséad EUR 3 bhilliún do EHB in aitheasc Staid an Aontais Eorpaigh in 2022 agus cuireadh béim i ráitis tosaigh Uachtarán an Choimisiúin ag an Idirphlé um Aistriú Glan maidir le Hidrigin ar ról NextGenerationEU agus RepowerEU maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i 'gleannta hidrigine', i dtraenacha hidrigine, agus i monarchana cruach glaine; á chur in iúl gur cúis bhuartha dó buiséad foriomlán EHB i gcomparáid leis na fóirdheontais a thugann comhpháirtithe eacnamaíocha agus iomaitheoirí, go háirithe an tSín, an India agus na Stáit Aontaithe; ag dréim leis go n-áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear cistiú breise ar fáil, go ndéanfar an buiséad bliantúil atá ar fáil faoi gach colún de EHB a fhorbairt agus go soláthrófar treochlár ina sonrófar méid agus gnéithe ginearálta na gceantanna a bhfuiltear ag súil leo sna blianta atá le teacht; á chur i bhfáth an seasamh seanbhunaithe atá aige nach mór tosaíochtaí nua a mhaoiniú le hairgead úr agus, dá bhrí sin, nár cheart go mbeadh laghdú ar an gcistiú do chláir tosaíochta eile an Aontais mar thoradh ar an gcistiú do EHB;

3. á thabhairt chun suntais go mbeidh colún 1 agus colún 4 de BEH ag brath go páirteach ar chomhordú chláir chéanna an Aontais a bhí ag an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú le táirgeadh hidrigine in-athnuaite a fhorbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún an idirghníomhaíocht idir an dá thionscnamh a shoiléiriú, go háirithe maidir leis na cuspóirí, an cur chun feidhme, an maoiniú, an comhordú agus an chumarsáid; á chur i bhfáth go bhfuil an baol ann go mbainfí an bonn de chomhlíonadh na gcuspóirí tosaigh leis an gcur chuige maidir le ró-ualú a dhéanamh ar chláir atá ann cheana gan airgead úr breise leordhóthanach a chur ar fáil;

4. á chur in iúl gur geal leis uaillmhian cholún 1 BEH chun forbairt margaidh intíre don hidrigin in-athnuaite a spreagadh; á thabhairt dá aire go measann an Coimisiún gurb ionann an phréimh mhargaidh a bheith suas le EUR 5 in aghaidh an chileagraim hidrigine a tháirgtear; á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíochtaí tapa agus éifeachtacha chun margaí feidhmiúla agus iomaíocha a chruthú chun an t-ardleibhéal préimhe sin a laghdú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cothromaíocht gheografach chun táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite a chumasú ar fud an Aontais agus chun comhdhlúthú réigiúnach agus leathnú breise ar na héagothromaíochtaí réigiúnacha atá ann cheana laistigh den Aontas mar gheall ar leibhéil éagsúla forbartha an mhargaidh hidrigine a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún cothrom na féinne a áirithiú nuair atá ceantanna á reáchtáil faoin gCiste Nuálaíochta chun an rannpháirtíocht is leithne ó na Ballstáit agus ó FBManna a áirithiú, lena n-áirítear trí thacaíocht do hidrigin a mheas a bheadh bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite ó chriosanna tairisceana eile seachas an crios

táirgthe i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe maidir le Hidrigin In-athnuaite[26] agus trí ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a íoslaghdú; aontaíonn sí go bhfuil gá le bonneagar hidrigine trasteorann chun margadh intíre a fheidhmíonn go maith a bhaint amach; á thabhairt dá aire gur oth léis nach ndearnadh méadú ar chistiú don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a áireamh sa togra ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil; ag tabhairt rabhaidh gur cheart go ndéanfaí astaíochtaí faoi ghlas a sheachaint le hinfheistíochtaí i mbonneagar hidrigine; á thabhairt dá aire nach luaitear an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), agus á iarraidh ar an gCoimisiún a mheas an mbeidh tionchar ag gníomhaíochtaí EHB ar acmhainní ACER;

5. á thabhairt dá aire go bhfuil buiséad EUR 800 milliún geallta do chéad cheant píolótach an Aontais le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite; á iarraidh go ndéanfar praghsáil na bpréimheanna a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta más gá i ngach tréimhse cheantála, agus go ndéanfar na préimheanna seasta a nuashonrú i ngach timthriall chun an phréimh a ráthú go comhsheasmhach os cionn na gcostas táirgthe, chun sásra aisghlámtha intuartha a bhunú agus chun táirgeadh uasta a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún ní hamháin praghas a chur san áireamh ach gné réigiúnach lena mbeartaítear forbairt ceantanna réigiúnacha a chur san áireamh; á iarraidh go roghnófar tairiscintí ar bhealach lena n-áiritheofar barr feabhais, cruthú post, athoiliúint nó uas-sciliú oibrithe, an leibhéal is airde inbhuanaitheachta, amhail trí thionscadail a d’fhéadfadh infhaighteacht agus íonacht an tsoláthair uisce a chur i mbaol a eisiamh;

6. á thabhairt dá aire nach bhfuil aon mheán dlíthiúil ann chun tacú le cur chun feidhme cholún 2 BEH; á chur in iúl gur oth léi nár thíolaic an Coimisiún togra ina leith sin; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú tionchair críochnúil a dhéanamh i gcomhréir leis an mbosca uirlisí um rialáil níos fearr lena n-áirítear an tionchar ar thíortha nach bhfuil san Aontas agus aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin a luaithe is féidir; á iarraidh ar an gCoimisiún an caidreamh idir Colún 2 agus Tionscnaimh Fhoireann na hEorpa a shoiléiriú;

7. á mheas go bhfuil gá le hoibrithe oilte breise chun an margadh hidrigine a fhorbairt, rud a éilíonn infheistíocht shuntasach airgeadais in athsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair; á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfreastalóidh EHB air sin; á chur i bhfáth freisin gur gá a áirithiú go mbeidh sineirgí ann idir na cistí infheistíochta, na cláir, na hionstraimí airgeadais agus na beartais uile atá ar fáil, lena n-áirítear státchabhair, chun comhar a áirithiú idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach le haghaidh infheistíochtaí i raon leathan tionscadal agus chun tacú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh; á mheas go dtugann cobhsaíocht, intuarthacht, trédhearcacht agus cothrom na féinne muinín d’infheisteoirí agus do gheallsealbhóirí a d’fhéadfadh a bheith ann agus molann sé dóibh acmhainní agus cistí a thiomnú do thionscadail a bhaineann le hidrigin.

[26] C(2023)1087.

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 7.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 23<br>–: 1<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Olivier Chastel, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Eero Heinäluoma, Hervé Juvin, Moritz Körner, Pierre Larrouturou, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Lefteris Nikolaou-Alavanos, Andrey Novakov, Bogdan Rzońca, Eleni Stavrou, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jan Olbrycht, Mauri Pekkarinen |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Lena Düpont, Mónica Silvana González, Catherine Griset, Predrag Fred Matić |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 23 | + |
|---|---|
| CLE | Bogdan Rzońca |
| ID | Catherine Griset |
| PPE | Lena Düpont, José Manuel Fernandes, Janusz Lewandowski, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Eleni Stavrou, Rainer Wieland, Angelika Winzig |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Moritz Körner, Mauri Pekkarinen, Nils Torvalds |
| S&D | Mónica Silvana González, Eero Heinäluoma, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Predrag Fred Matić, Nils Ušakovs |
| Na Glasaigh/SCE | Alexandra Geese |

| 1 | - |
|---|---|
| NI | Lefteris Nikolaou-Alavanos |

| 2 | 0 |
|---|---|
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 45<br>–: 4<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Marc Botenga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Robert Hajšel, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Georg Mayer, Marina Mesure, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Franc Bogovič, Damien Carême, Francesca Donato, Matthias Ecke, Marian-Jean Marinescu, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Ernő Schaller-Baross |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carmen Avram, Peter Jahr, Virginie Joron, Ljudmila Novak, Milan Zver |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 45 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski |
| NI | Clara Ponsatí Obiols |
| PPE | Pascal Arimont, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Peter Jahr, Marian-Jean Marinescu, Angelika Niebler, Ljudmila Novak, Massimiliano Salini, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Milan Zver |
| Renew | Nicola Danti, Valter Flego, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Carmen Avram, Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Romana Jerković, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia |
| Verts/ALE | Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa |

| 4 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Georg Mayer |
| NI | Francesca Donato, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Sara Skyttedal |
| Renew | Nicola Beer |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh